



Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh

**ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA**

2015 - 2018

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Forbhreathnú ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	4
2.1 Misean agus Cuspóirí	4
2.2 Príomhfheidhmeanna	5
2.3 Príomhsheirbhísí	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	6
Caibidil 3: Sonraí ar sheirbhísí atá á soláthar i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair	7
Caibidil 4: Feabhas a chur ar an soláthar Seirbhísí i nGaeilge	9
Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú	
5.1 Earcaíocht	12
5.2 Oiliúint agus Forbairt	12
5.3 Poist Shainithe Ghaeilge	12
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	13
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	13

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Déanann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 foráil go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga a thabharfadh mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na céimeanna a bhíonn le glacadh lena chinntiú go gcuirfear aon seirbhísí nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht sin trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh d'aga comhaontaithe.

De réir ailt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí pé am a dhéanann an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta deimhniú ar scéim nua, pé acu ceann is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird mar is cuí do na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta sin, tharla próiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara iomchuí.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi threoir ag an bprionsabal gur chóir soláthar seirbhísí i nGaeilge a bheith bunaithe ar:

- bunleibhéal an éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir lena leithéid de sheirbhísí a sholáthar, agus
- na hacmhainní, ar a n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta a bhíonn i gceist an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil air.

Tagann an scéim seo le prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Ceapadh é agus é ar intinn a chinntiú go dtabharfadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh aghaidh go hiomlán ar gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna sa todhchaí.

Aithnítear agus tuigtear an t-am agus an iarracht a chaith gach éinne a bhí i gceist leis an bpróiseas seo.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Rinne an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta deimhniú ar an Scéim seo ar an **18 Bealtaine 2015**. Tosaíonn sé le feidhm ón dáta seo agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh cónascadh i Meitheamh 2014 agus roimhe sin bhí a lán gluaiseachta foirne idir príomh-cheannáras Chomhairle Contae Luimnigh agus príomh-cheannáras Chomhairle Cathrach Luimnigh. Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an comhlacht riaracháin atá freagrach as Cathair Luimnigh agus Contae Luimnigh agus í comhdhéanta de struchtúr tofa agus feidhmiúcháin.

Tá 40 Ball Tofa ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tagann an Chomhairle iomlán le chéile go démhíosúil. Tagann Dúiche Chathrach Luimnigh le chéile uair in aghaidh na míosa faoi mar a dhéanann na Dúichí Cathrach seo a leanas:

- Áth Dara – Ráth Caola
- An Caisleán Nua
- An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg

Bunaíodh 5 Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) mar a ndéanfar díospóireacht ar pholasaí sula ndéantar é a mholadh d'fhaomhadh na Comhairle iomlán. Seo a leanas iad na CBSanna:

- Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht & Pleanáil
- Comhshaol
- Taisteal & Iompar
- Forbairt Bhaile agus Shóisialta
- Seirbhísí Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Pléann an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) le ceisteanna polasaí de nádúr cothrománach agus le roinnt feidhmeanna sonracha atá leithdháilte air mar an Plean Corparáideach a réiteach agus comhchomhairle a thabhairt ar an mBuiséad Bliantúil.

Déanann Feidhmeannacht gnó laethúil na Comhairle a dhéanamh, a bhfuil Príomhfheidhmeannach i gceannas uirthi agus oibríonn de réir chreatlach an pholasaí a bhíonn leagtha síos ag na Baill Tofa.

2.1 Misean agus Cuspóirí

ÁR BHFÍS

- Go dtugann struchtúr gairmiúil, réamhghníomhach agus inrochtana rialtais áitiúil, atá ag croílár seirbhíse poiblí níos leithne, tacaíocht do mhuintir Luimnigh.
- Go mbeadh Luimneach aitheanta as ucht rannpháirtíocht chuimsitheach a shaoránaigh uile i bhforbairt a bpobal.
- Go mbeadh Luimneach ina láthair inmhianaithe d'fhorbairt gnóithe, do shaibhriú cultúrtha agus do dheiseanna oideachais.

- Go mbeadh Luimneach agus an tIarthar Láir ag iomaíocht le cinn scríbe eile Eorpacha maidir le gnó, turasóireacht, cónaí agus infheistíocht.

ÁR STRAITÉIS

- Na saoránaigh a chumasú le bheith rannpháirteach i bhforbairt a bpobal, idir tuaithe agus uirbeach.
- Timpeallacht d'fhíor-fhorbairt gheilleagrach agus jabchruthúcháin.
- Múnla nua rialachais áitiúil agus seachadta seirbhíse. |

2.2 Príomhfheidhmeanna

Cuirtear príomhfheidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcrích faoi láthair faoi roinnt Stiúrtóireachtaí ar iad seo a leanas iad:

Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Athruithe
 Forbairt Bhaile agus Shóisialta
 Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil
 Seirbhísí Uisce & Comhshaoil
 Taisteal agus Iompar
 Seirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála
 Airgeadas, Mótarcháin & Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |

2.3 Príomhsheirbhísí

Seirbhísí um Rialú Forbartha

Próiseáil Iarratais Phleanála
 Rialúchán Struchtúr Neamhúdraithe agus Láithreán Tréigthe
 Pleananna Forbartha a Ullmhú
 Rialú Corr-Thrádála

Seirbhísí Forbartha Geilleagrach

Tacaíocht a Sholáthar do Ghnó
 Margaíocht Luimnigh

Seirbhísí Comhshaoil

Bainistíocht ar Ghlantachán Sráide
 Smachtú Ainmhithe – (Madraí & Capaill)
 Bainistíocht Reiligí
 Imscrúdú a dhéanamh ar thruailliú agus gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh
 Pleananna Sábháilteachta Uisce a Chur i bhFeidhm
 Bainistíocht a dhéanamh ar bhailiú dramhaíola agus ar ionaid athchúrsála
 Bainistíocht na gClár Feasachta Comhshaoil

Seirbhísí Cothabhála Bóithre

An gréasán Bóithre & Cosán a chothabháil
Rialú & Bainistiú Dúnadh Bóthair & Oibreacha Bóthair
Próiseáil na n-iarratas ar Cheadúnas Oscailte Bóithre

Seirbhísí Tithíochta

Tithíocht Shóisialta a Sholáthar
Soláthar agus bainistiú Cóiríochta do Dhaoine gan Dídean
Soláthar agus bainistiú Cóiríochta do Thaistealaithe
Scéimeanna Deontais Tithíochta a Riaradh

Seirbhísí Uisce agus Draenála

Ag oibriú thar ceann Uisce Éireann
Soláthar agus bainistiú na gcóras Draenála agus cosaint ar thuilte a sholáthar

Seirbhísí Pobail agus Fóillíochta

Bainistiú & Oibriú na hIarsmalainne & na gCartlann, na nDánlann & na Leabharlanna
Soláthar agus bainistiú na bpáirceanna, na gclós súgartha agus na spásanna oscailte
Feachtais spóirt agus chorpacmhainne a eagrú
Tionscadail forbartha pobail a eagrú
Bainistiú a dhéanamh ar imeachtaí pobail agus ar pharáidí

Seirbhísí Éigeandála

Seirbhísí um Chosc Dóiteáin a Sholáthar
Seirbhísí Cosanta Sibhialta a Sholáthar
Bainistíocht Móréigeandála

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar shaol mhuintir Luimnigh ar fad ach bímid ag caidreamh le réimse níos fairsinge grúpaí agus eagraíochtaí:

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Ranna Rialtais Eile
Custaiméirí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an pobal i gcoitinne
Pobail Áitiúla agus Grúpaí Deonacha
Gníomhaireachtaí Stáit
Comhpháirtithe Sóisialta
Údaráis eile áitiúla agus réigiúnacha
Eagraíochtaí den Aontas Eorpach
Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla
Grúpaí LEADER
An Earnáil Phríobháideach
Iarratasóirí ar sheirbhísí
Ionadaithe earnála an Choiste um Beartais Straitéiseach
Meáin Áitiúla agus Náisiúnta

Caibidil 3: Sonraí ar sheirbhísí atá á soláthar i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair

Sonraí ar sheirbhísí atá á soláthar i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair; ar a n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Soláthar Seirbhísí Reatha		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Go Dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Próiseáil ar Iarratais Phleanála Rialúchán Struchtúr Neamhúdairithe agus Láithreán Tréigthe Pleananna Forbartha a Ullmhú Rialú Corr-Thrádála	Béarla Béarla Béarla Béarla	
Tacaíocht a Sholáthar do Ghnó Margaíocht Luimnigh	Béarla Béarla	
Bainistíocht ar Ghlantachán Sráide Smachtú Ainmhithe – (Madraí agus Capaill) Bainistiú Reiligí Imscrúdú a dhéanamh ar Thruailliú agus gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh Pleananna Sábháilteachta Uisce a Chur i bhFeidhm Bainistíocht a dhéanamh ar bhailiú dramhaíola agus ar ionaid athchúrsála Bainistiú na gClár Feasachta Comhshaoil	Béarla Béarla Béarla Béarla Béarla Béarla Béarla	
An gréasán Bóithre & Cosán a chothabháil Rialú & Bainistiú Dúnadh Bóthair agus Oibreacha Bóthair Próiseáil na n-iarratas ar Cheadúnas Oscailte Bóithre	Béarla Béarla Béarla	
Tithíocht Shóisialta a Sholáthar Soláthar agus bainistiú Cóiríochta do Dhaoine gan Dídean Soláthar agus bainistiú Cóiríochta do Thaistealaithe Scéimeanna Deontais Tithíochta a Riaradh	Béarla Béarla Béarla Béarla	
Ag oibriú thar ceann Uisce Éireann Soláthar agus bainistiú na gcóras Draenála agus cosaint ar thuilte a sholáthar	Béarla Béarla	
Bainistiú & Oibriú na hIarsmalainne & na gCartlann, na nDánlann & na Leabharlanna Soláthar agus bainistiú na bpáirceanna, na gclós súgartha agus na spásanna oscailte Feachtais spóirt agus chorpacmhainne a eagrú Tionscadail forbartha pobail a eagrú	Béarla Béarla Béarla Béarla	

Bainistiú a dhéanamh ar imeachtaí pobail agus ar pharáidí	Béarla	
Seirbhísí um Chosc Dóiteáin a Sholáthar Seirbhísí Cosanta Sibhialta a Sholáthar Bainistíocht Mór-éigeandála	Béarla Béarla Béarla	

Caibidil 4: Feabhas a chur ar an soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha sa tábla thíos atá scáthaithe le dath liath.

Bealach cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí Ó Bhéal atá Taifeadta		<p>Beidh na fógraí ó bhéal taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógraí ó bhéal taifeadta a thugtar ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí ó bhéal taifeadta tarchurtha trí chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí ó bhéal taifeadta cruthaithe agus traschurtha trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras freagartha ríomhairithe teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas le 'fógraí a bhíonn beo'.</p> <p>Sa chás go mbíonn Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a bhíonn sonraithe san Ordú sin a úsáid i bhfógraí ó bhéal taifeadta a dhéanann sé féin nó a bhíonn déanta thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Ríomhphost	Freagrófar gach cumarsáid a bhíonn i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Soláthraítear mírchinn stáiseanóireachta, ar a n-áirítear páipéar litreacha, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhad agus fillteán eile, lipéid agus clúdaigh litreach i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Ní mór do gach comharthaíocht a chuireann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh suas, nó a chuirtear suas thar a ceann, a bheith i nGaeilge nó dátheangach, de réir rialacháin (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid a leagann síos tograí	Éigeantach

		maidir le beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	
	Ciorcláin/Coir Poist	Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne d'fhonn eolas a chur ar fáil don phobal nó don aicme, déanfaidh an comhlacht deimhin de go mbíonn an chumarsáid i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha na Gaeltachta	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi gach seirbhís.

Modhanna cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumarsáid ó Bhéal/i Scríbhinn	Fáiltiú	Beidh ghnáthbheannachtaí as Gaeilge ar eolas ag an bhfoireann fáiltithe	Bliain 1
	Seirbhís Chuntair/Aghaidh ar Aghaidh	Beidh ghnáthbheannachtaí as Gaeilge ar eolas ag an bhfoireann	Bliain 1
	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i nGaeilge	Bliain 1
	Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón	Soláthróidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh treoirínte don fhoireann maidir le glaonna teileafóin ó bhaill de ghnáthphobal labhartha na Gaeilge a láimhseáil. Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla	Bliain 1
	Fógraí beo	Ní bhaineann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh úsáid as fógraí beo	
	Bileoga Eolais/Bróisiúir	Beidh 20% de bhileoga eolais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla	Bliain 1
	Foirmeacha Iarratais	Beidh 20% d'fhoirmeacha iarratais ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge	Bliain 1

Na Meáin	Preaseisiúintí	Eiseofar preas-eisiúintí a bhaineann le ceisteanna na Gaeilge go comhuaineacha sa dá theanga	Bliain 1
	Urlabhraithe na Meán	Cuirfear breis oiliúna ar bhall den fhoireann do theagmháil le meáin na Gaeilge	Bliain 2
	Óráidí	Áireofar 10% d'ábhar i nGaeilge in óráidí Béarla	Bliain 1
Teicneolaíocht Faisnéise	R-phost	Foilseofar seoladh r-phoist tiomnaithe do cheisteanna i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin	Bliain 2
	Suíomhanna Gréasáin	Beidh an t-ábhar seasta ar an leathanach baile ar an suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge Beidh an t-ábhar seasta ar aon suíomh gréasáin nua ar fáil go dátheangach	Bliain 2
	Córais Ríomhaireachta	Beidh aon chóras nua ríomhaireachta a bhíonn á shuiteáil in ann déileáil go hiomlán leis an nGaeilge	Nuair a bhaineann le hábhar

Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Beidh earcú foirne le leibhéal oiriúnach cumais sa Ghaeilge i ngach réimse d'obair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar phríomhbhealach le huasmhéadú a dhéanamh ar an fáil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Cuirfidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir chreatlach nósanna imeachta náisiúnta comhaontaithe maidir le hearcaíocht, an gá atá le feabhas a chur ar chumas sa Ghaeilge ar bhonn incriminteach san áireamh.

Soláthrófar pacáiste ionductaithe do gach ball nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe d'fhonn a chinntiú go mbíonn siad ar an eolas maidir lenár dtiomantais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann le freastal ar chúrsaí oiliúna sa Ghaeilge a bhíonn creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní a leithéid. Cuirfear an fhoireann uile ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna le feabhas a chur ar a gcumas sa Ghaeilge.

		Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	Earcaíocht	Soláthrófar pacáiste ionductaithe do gach ball nua foirne ina mbíonn cóip dár scéim chomhaontaithe	Bliain 1
	Oiliúint	Tá ranganna Gaeilge á soláthar faoi láthair ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 28 ball foirne	Bliain 1
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn / Acmhainn a chur ar fail	Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga	Bliain 1

5.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Agus ceann á thógáil de pholasaí an Rialtais maidir le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge, rachaidh an Chomhairle, faoi dheireadh na tréimhse a bhíonn clúdaithe ag an scéim, i mbun athbheithnithe d'fhonn aon phost a mbíonn cumas sa Ghaeilge riachtanach dó a aithint. Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo ag tógáil ceann de pholasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, faoi mar is cuí. Cuirfidh seo ar chumas na Comhairle pleanáil agus tosaíocht a thabhairt d'fheabhsú incriminteach ar sheirbhísí i nGaeilge ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar fhorfheidhmiú na scéime. Is í Valerie Thompson, Seirbhísí Corparáideacha, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimneach r-phost: Valerie.thompson@limerick.ie teil: 061-407195, a bheidh mar phearsa teagmhála don scéim.

Beidh córas foirmeálta le monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus taifeadta inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú ar an scéim seo go himmheánach agus go seachtrach, trí phreas-eisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus déanfar é a scaipeadh ar an bhfoireann uile agus ar ghníomhaireachtaí oiriúnacha. Is féidir go n-úsáidfear bealaí eile freisin le poibliú a dhéanamh ar an scéim.

Ina theannta sin, beidh gach deis á ghlacadh againn inár gcuidreamh laethúil le custaiméirí na seirbhísí a bhíonn á soláthar againn trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint sna hionaid fháiltithe á thabhairt le fios go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge;
- na seirbhísí seo a liostáil go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- a chur in iúl ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais áirithe go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair go dátheangach iad;
- an suntasacht chéanna a thabhairt d'ábhar i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.